Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017

Teicneolaíocht Ábhar - Adhmad

Obair Chúrsa - Achoimrí Dearaidh

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
200 marc

Tugtar na hAchoimrí Dearaidh i gcomhair na Scrúduithe Teastais in 2017 ar an leathanach thall.

NÍ MÓR AN OBAIR CHÚRSA A CHRÍOCHNÚ ROIMH 28 AIBREÁN 2017

RIALACHÁIN DO GACH IARRTHÓIR:

1. **D'obair phearsanta féin a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuireann tú isteach le haghaidh measúnú.**

2. **Ní mór d'obair chúrsa a dhéanamh sa scoil, faoi mhaoirseacht do mhúinteora.** Má chuireann tú isteach obair chúrsa nach féidir le do mhúinteoir a dheimhniú, ní bhronnfar marcanna ar bith as an déantúsán ná as an bhfillteán dearaidh.

3. **Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear a admháil, an tIdirlíon san áireamh.** Ní ghnóthófar marc ar bith as ábhar taighde a chóipeáiltear go díreach ón Idirlíon ná ó fhoinsí ar bith eile agus a chuirtear isteach mar do chuid oibre féin.

4. **Ní mór duit d'obair chúrsa phearsanta ar leith – déantúsán agus fillteán dearaidh – a chur isteach.**

5. **Ní cóir do dhéantúsán a thabhairt amach as an scoil ar chúis ar bith nó má thugtar, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an obair chúrsa sin a bheith neamhbhailí.**

Treoracha d'Iarrthóirí

1. Roghnaigh ceann **amháin** de na hachoimrí dearaidh thall, Ardleibhéal **nó** Gnáthleibhéal.

2. Ba chóir na gnéithe seo a bheith san áireamh san fhillteán dearaidh a ghabhann leis an obair chúrsa chríochnaithe:

   - ***Anailís*** *ar an achoimre dhearaidh a roghnaítear*
   - ***Iniúchadh / taighde*** *a bhaineann leis an réiteach a mholtar*
   - ***Forbairt ar smaointe dearaidh****, mar aon le meastóireacht orthu, agus ar an réiteach a roghnaítear*
   - ***Na sceitsí, na nodaireachtaí agus na líníochtaí oibre*** *atá riachtanach chun an réiteach roghnaithe a chur i gcrích*
   - ***Meastóireacht ar an dearadh,*** *ar an gcur i gcrích agus ar an déantúsán críochnaithe.*

3. Ní mór an obair chúrsa chríochnaithe – an déantúsán agus an fillteán dearaidh araon – a bheith ar fáil lena measúnú faoi **28 Aibreán 2017**.

4. Ba chóir do **Scrúduimhir** a scríobh go soiléir ar an déantúsán críochnaithe agus ar an bhfillteán dearaidh araon.

Obair Chúrsa 2017 - Dearadh agus Cur i gCrích

Achoimrí Dearaidh - Gnáthleibhéal

1. **Dear agus déan taobh-bhord beag chun vása nó ornáid a chur ar taispeáint air i do bhaile féin.**

   Ba chóir go mbeadh do bhord i gcomhréir mhaith agus daingean. Ba chóir go mbeadh cuma mhaisiúil air agus go gcuirfeadh sé le feistiú an tseomra.

   Níor chóir go mbeadh lorg an bhoird níos mó ná 300mm agus níor chóir go mbeadh an bord níos mó na 450mm ar airde.

2. **Dear agus déan déantúsán maisiúil chun tábhacht an cheoil i do shaol a cheiliúradh.**

   Ba chóir go léireodh an déantúsán seánra ceoil nó ceoltóir de do rogha féin. Ba chóir úsáid a bhaint as adhmaid sholadacha atá i gcodarsnacht lena chéile chun cur le maise do dhearaidh.

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán oiriúnach lena thaispeáint ar mhatal nó ar sheilf.

3. **Dear agus déan déantúsán tarraingteach le soithí tae, caife agus siúcra a choimeád agus a chur ar taispeáint ar chuntar oibre i gcistin.**

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán ealaíonta, dlúth, dea-dhéanta agus ba chóir go mbeadh bailchríoch oiriúnach air. Ba chóir go mbeadh téama de do rogha féin léirithe air.

Achoimrí Dearaidh - Ardleibhéal

1. **Cuid thábhachtach de réim chothrom fholláin bia is ea torthaí.**

   Dear agus déan déantúsán chun réimse torthaí a stóráil agus a chur ar taispeáint ar bhealach tarraingteach. Ní foláir feidhm thánaisteach, úsáideach, nuálach a bheith mar chuid dhílis de do dhearadh. Ba chóir an déantúsán a dhearadh lena chur ar chuntar oibre nó lena crochadh ar bhalla. Ba chóir adhmad soladach a úsáid i do dhearadh agus bailchríoch oiriúnach a chur air.

   Níor chóir go mbeadh uastoise an déantúsáin níos mó ná 400mm.

2. **Baineann daoine óga spreagadh as fionnachtana eolaíochta, as nithe nuálacha agus as nithe a ndéantar dul chun cinn leo, agus as an úsáid chomhaimseartha a bhaintear as a leithéidí sin.**

   Dear agus déan déantúsán maisiúil a léireoidh cloch mhíle thábhachtach san eolaíocht a raibh tionchar láidir buan aige ar an tsochaí. Ba chóir go mbeadh crua-adhmaid dhúchasacha Éireannacha mar chuid de do dhearadh, agus raon de scileanna agus de theicnící lámhcheardaíochta a bheith san áireamh ann leis.

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán oiriúnach lena thaispeáint ar mhatal nó ar sheilf.

3. **Is maith le daoine óga míreanna beaga pearsanta a bheith in aice láimhe nuair a bhíonn siad ag ligean a scíthe ina seomra.**

   Dear agus déan aonad nua-aimseartha le crochadh ar bhalla cois leapa, agus lampa lámhdhéanta mar chuid dhílis de. Ba chóir go mbeadh áis san áireamh i do dhearadh chun míreanna beaga pearsanta a stóráil in áit dhúnta sa chaoi is go seachnófar tranglam. Ba chóir an déantúsán a bheith caol cuanna ina fhoirm agus ailt lámhdhéanta a bheith ar taispeáint in adhmad soladach.

   Nóta: *Ní mór na cónaisc agus na hoiriúintí leictreacha uile a bheith de réir na rialacha sábháilteachta reatha.*

   Níor chóir go mbeadh uastoise an aonaid níos mó ná 450mm.

EOLAS DO NA hIARRTHÓIRÍ

Roinnt na Marcanna – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ceannteidil na Marcála	Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Anailís ar an achoimre	10	10
Iniúchadh / Taighde	10	10
Smaointe dearaidh / Réiteach	10	20
Sceitsí / Líníochtaí oibre	10	20
Meastóireacht	10	10
An tlomlán don Fhillteán	**50**	**70**
Oiriúnacht don Chuspóir	20	20
Úsáid chuí ábhar	10	10
Cruthaitheacht	20	20
Léiriú scileanna	60	40
Caighdeán na bailchríche	20	20
An dreach iomlán	20	20
An tlomlán don Chur i gCrích	**150**	**130**
IOMLÁN	***200 marc***	***200 marc***

Taispeántar thíos mionsamhail shimplí de phróiseas dearaidh.
Moltar duit ord loighciúil próiseas dearaidh den chineál seo a leanúint.